Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14181/23**

**LIMITE**

**COMAR 40**
**JUR 620**
**COJUR 50**
**ENV 1118**

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0353(NLE)**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 580 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 580 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 580 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 12.10.2023
COM(2023) 580 final

2023/0353 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Is é is cuspóir don togra seo go bhfaighidh an Coimisiún údarú ón gComhairle chun an Comhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta ('Comhaontú BBNJ') a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh.

Ó bhí 2004 ann, tá an tAontas agus a Bhallstáit páirteach i bpróiseas idirnáisiúnta leis na Náisiúin Aontaithe chun an Comhaontú seo a fhorbairt. Ar bhonn na gCinntí ábhartha ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht thar ceann an Aontais[1], rinne an Coimisiún caibidlíocht ó 2016 go dtí 2023 d'fhonn Comhaontú BBNJ a thabhairt i gcrích. An 19 Meitheamh 2023 ghlac Comhdháil Idir-rialtasach BBNJ[2] téacs críochnaitheach Chomhaontú BBNJ. Shínigh an tAontas Comhaontú BBNJ an 20 Meán Fómhair 2023.

Tugtar aghaidh i gComhaontú BBNJ ar chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta. Clúdaíonn na limistéir sin beagnach dhá thrian d'aigéin an domhain agus thart ar 95 % dá dtoirt agus cuimsítear iontu an mhórmhuir agus limistéar ghrinneall na farraige idirnáisiúnta. Le Comhaontú BBNJ is fearr a bheifear in ann an bhithéagsúlacht mhuirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a chosaint agus a bhainistiú. Cumhdaítear sa Chomhaontú go háirithe ceisteanna a bhaineann le hacmhainní géiniteacha muirí, lena n-áirítear ceisteanna a bhaineann le comhroinnt tairbhí, bearta mar uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol agus fothú acmhainneachta agus aistriú teicneolaíocht mhuirí.

Is é Comhaontú BBNJ an tríú comhaontú cur chun feidhme faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, ar Páirtithe ann an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit. Tabharfaidh an Comhaontú Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige bord ar bhord leis na forbairtí a rinneadh agus leis na dúshláin a tháinig chun cinn i ndáil leis an mbithéagsúlacht mhuirí ó tugadh an Coinbhinsiún i gcrích sa bhliain 1982. Tacóidh sé a thuilleadh le gnóthú Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, go háirithe Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 an Chláir sin ('Beatha faoin Uisce'). Cuideoidh Comhaontú BBNJ leis na cuspóirí agus na spriocanna a shonraítear faoin gCreat Domhanda Bithéagsúlachta (arna ghlacadh faoin gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht) a chomhlíonadh freisin, agus go háirithe an sprioc maidir lena áirithiú faoi 2030 go mbeidh caomhnú agus bainistíocht éifeachtach á ndéanamh ar 30 % ar a laghad de thailte, uiscí intíre, limistéir chósta agus aigéin an domhain. Thairis sin, tacóidh sé le cur chun feidhme Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus Chomhaontú Pháras.

---

[1] Arna nglacadh ag an gComhairle an 22 Márta 2016 agus an 19 Márta 2018.

[2] Comhdháil Idir-rialtasach ar ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta.

- **Comhsheasmhacht le beartais an Aontais atá ann cheana**

D'áirithigh an Coimisiún go raibh an chaibidlíocht maidir le téacs Chomhaontú BBNJ i gcomhsheasmhacht iomlán le rialacha agus beartais ábhartha an Aontais Eorpaigh sna limistéir a chumhdófar leis (an beartas comhshaoil, an beartas iompair mhuirí, slándáil mhuirí, an beartas fuinnimh, an comhbheartas iascaigh, beartas an mhargaidh inmheánaigh, an comhbheartas tráchtála, beartas um thaighde agus fhorbairt theicneolaíoch, an beartas aeráide agus beartais ábhartha eile) agus le comhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha ábhartha a bhfuil an tAontas ina Pháirtí iontu cheana féin. Chomh maith leis sin, cuidíonn Comhaontú BBNJ leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus is tosaíocht é faoi chlár oibre an Aontais Eorpaigh um rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan.

De bhrí gur comhaontú cur chun feidhme faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige é Comhaontú BBNJ agus de bhrí go bhfuil an Coinbhinsiún seo ina chuid de *acquis* an Aontais cheana, d'áirithigh an Coimisiún freisin gur urramaíodh na forálacha agus an chothromaíocht idir cearta agus oibleagáidí a chumhdaítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige agus a léirítear in *acquis* an Aontais agus go raibh toradh na caibidlíochta comhsheasmhach le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige.

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

D'oibrigh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis na Ballstáit i rith na caibidlíochta. Reáchtáladh comhairliúcháin rialta leis na páirtithe leasmhara ábhartha, go háirithe le heagraíochtaí sochaí sibhialta agus eagraíochtaí eile a bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu i gcomhthéacs na Náisiún Aontaithe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

- **Bunús dlí**

Is faoi Airteagal 192(1) agus Airteagal 218(6)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a dhéantar an togra. Leagtar síos in Airteagal 218 CFAE an nós imeachta um chaibidliú agus tabhairt i gcrích comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta. Go háirithe, déantar foráil i mír 6 maidir leis an gComhairle, ar thogra ón gCoimisiún Eorpach mar idirbheartaí, cinneadh a ghlacadh, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, lena n-údaraítear an comhaontú a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais.

I gcomhréir le hAirteagal 191 agus 192(1) CFAE, ceanglaítear ar an Aontas rannchuidiú leis na cuspóirí seo a leanas a shaothrú: cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú; sláinte an duine a chosaint; acmhainní nádúrtha a úsáid go stuama réasúnach; agus bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó domhanda, agus go háirithe chun an t-athrú aeráide a chomhrac.

Agus cuspóirí agus forálacha substainteacha Chomhaontú BBNJ mar aon le bearta uile ábhartha is infheidhme an Aontais á gcur san áireamh, tugtar le fios leis an gcur chuige meáchanláir gurb é an bunús dlí comhshaoil an bunús dlí is iomchuí chun Comhaontú BBNJ a thabhairt i gcrích.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Cruthaítear struchtúr institiúideach tiomnaithe le Comhaontú BBNJ. Áirítear leis sin rúnaíocht, Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil, Teach Imréitigh, coiste um fhothú acmhainneachta agus um theicneolaíocht mhuirí, agus coiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí. Roinnfear costais na n-institiúidí seo ar Pháirtithe uile Chomhaontú BBNJ, ar bhonn scála NA.

Ní bheidh eolas ar fáil faoi na costais institiúideacha airgeadais don Aontas Eorpach a bhainfidh le cur chun feidhme Chomhaontú BBNJ go dtí i ndiaidh chéad Chomhdháil na bPáirtithe, i gcás inar cheart buiséad tosaigh a chomhaontú le haghaidh Chomhaontú BBNJ.

Sa bhreis ar na costais institiúideacha, glactar leis go nginfidh cur chun feidhme Chomhaontú BBNJ riachtanais airgeadais maidir le fothú acmhainneachta i dtíortha atá ag forbairt agus maidir le cabhrú le haistriú teicneolaíochta muirí ach, chomh maith leis sin, mar shampla, maidir le giniúint an eolais eolaíoch a theastaíonn chun limistéir atá faoi chosaint mhuirí a bhunú, agus chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh orthu. Déanfar meastachán ar na costais dhomhanda a d'fhéadfadh a bheith ann faoi Chomhaontú BBNJ in am trátha.

2023/0353 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (Comhaontú BBNJ), glacadh é an 19 Meitheamh 2023 i Nua-Eabhrac.

(2) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2023/1974([2]) ón gComhairle, svníodh Comhaontú BBNJ an 20 Meán Fómhair 2023, thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(3) De bhun Airteagal 68(1) de, tiocfaidh Comhaontú BBNJ i bhfeidhm 120 lá tar éis an dáta a thaiscfear an 60ú hionstraim dhaingniúcháin, ghlactha, formheasa nó aontachais. Tá Comhaontú BBNJ oscailte do na Stáit uile agus na heagraíochtaí réigiúnacha uile um chomhtháthú eacnamaíochta. Aon ionstraim arna taisceadh ag eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta, ní dhéanfar í a áireamh mar bhreis ar na hionstraimí sin a thaisceann Ballstáit na heagraíochta sin. Tá Comhaontú BBNJ oscailte do na páirtithe agus do na neamhpháirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS).

(4) Le Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle ([3]), thug an tAontas Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige i gcrích i leith na nithe sin atá á rialú aige agus a bhfuil an inniúlacht ina leith aistrithe chuig an Aontas ag a Bhallstáit.

[1] [IO […], […], lch. […].]

[2] Cinneadh (AE) 2023/1974 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (IO L 235, 25.9.2023, lgh. 1-3).

[3] Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle an 23 Márta 1998 maidir leis an gComhphobal Eorpach a thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1982 maidir le Dlí na Farraige agus Chomhaontú an 28 Iúil 1994 a bhaineann le cur chun feidhme Chuid XI de (IO L 179, 23.6.1998, lch. 1).

(5) Sna conclúidí ón gComhairle an 20 Iúil 2023 ([4]), ba dhíol sásaimh di gur glacadh Comhaontú BBNJ agus cuireadh i dtábhacht tiomantas an Aontais agus a Bhallstát do dhaingniú agus do chur chun feidhme pras an Chomhaontaithe.

(6) Is é cuspóir Chomhaontú BBNJ caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a áirithiú, san am i láthair agus san fhadtéarma, trí fhorálacha ábhartha UNCLOS a chur chun feidhme go héifeachtach agus trí chomhar agus comhordú idirnáisiúnta breise.

(7) Faoi Chomhaontú BBNJ, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile faoin gComhaontú seo ar mhaithe le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, lena n-áirítear trí chomhar a neartú agus a fheabhsú le hionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála, mar aon le comhar eatarthu a chur chun cinn, agus an méid sin ar mhaithe le cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach.

(8) Cumhdaítear ceithre réimse i gComhaontú BBNJ: acmhainní géiniteacha muirí lena n-áirítear tairbhí a chomhroinnt go cóir agus go cothromasach (Cuid II de Chomhaontú BBNJ), bearta amhail uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint (Cuid III de Chomhaontú BBNJ), measúnuithe tionchair comhshaoil (Cuid IV de Chomhaontú BBNJ), chomh maith le fothú acmhainneachta agus teicneolaíocht mhuirí a aistriú (Cuid V de Chomhaontú BBNJ). Le Comhaontú BBNJ, tacófar a thuilleadh le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 ('Beatha Faoin Uisce') agus rannchuideofar le cuspóirí agus spriocanna Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montreal a bhaint amach.

(9) Tá Comhaontú BBNJ i gcomhréir le cuspóirí comhshaoil an Aontais a dtagraítear dóibh in Airteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, eadhon cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú; sláinte an duine a chosaint; acmhainní nádúrtha a úsáid go stuama réasúnach; agus bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó domhanda, agus go háirithe chun an t-athrú aeráide a chomhrac.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 67(2) de Chomhaontú BBNJ, ba cheart don Aontas méid a inniúlachta maidir le hábhair a rialaítear le Comhaontú BBNJ a shonrú ina ionstraim formheasa.

(11) De bhun Airteagal 70 i gcomhar le hAirteagal 10(1) de Chomhaontú BBNJ, féadfaidh an tAontas eisceacht a dhéanamh ar an gComhaontú seo má fhoráiltear don eisceacht sin go sainráite in Airteagail eile de Chomhaontú BBNJ. Ba cheart don Aontas eisceacht a dhéanamh chun aon éifeacht chúlghabhálach ar chur i bhfeidhm fhorálacha Chuid II a bhaineann le hAcmhainní Géiniteacha Muirí a eisiamh, lena n-áirítear na tairbhí a chomhroinnt go cóir agus go cothromasach.

(12) Ba cheart Comhaontú BBNJ, an Dearbhú Inniúlachta agus an Eisceacht maidir le neamh-chúlghabhálacht de bhun Airteagal 70 i gcomhar le hAirteagal 10(1) de Chomhaontú BBNJ, a fhormheas thar ceann an Aontais,

PUBLIC

---

[4] Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 78ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2023 – Meán Fómhair 2024 (ST 11688/23).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An Comhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta ('Comhaontú BBNJ'), formheastar leis seo é thar ceann an Aontais.

Tá téacs Chomhaontú BBNJ i gceangal leis an gCinneadh seo (Iarscríbhinn 1).

*Airteagal 2*

Formheastar leis seo an Dearbhú Inniúlachta a cheanglaítear le hAirteagal 67(2) de Chomhaontú BBNJ.

Tá an Dearbhú Inniúlachta i gceangal leis an gCinneadh seo (Iarscríbhinn 2).

*Airteagal 3*

Glactar leis seo an Eisceacht maidir le neamh-chúlghabhálacht faoi Airteagal 70 i gcomhar le hAirteagal 10(1) de Chomhaontú BBNJ.

Tá an Eisceacht faoi Airteagal 70 i gcomhar le hAirteagal 10(1) de Chomhaontú BBNJ i gceangal leis an gCinneadh seo (Iarscríbhinn 3).

*Airteagal 4*

Déanfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, an ionstraim formheasa a thaisceadh i gcomhréir le hAirteagal 66 de Chomhaontú BBNJ, mar aon leis an Dearbhú Inniúlachta agus an Eisceacht maidir le neamh-chúlghabhálacht faoi Airteagal 70 i gcomhar le hAirteagal 10(1) de Chomhaontú BBNJ.

*Airteagal 5*

PUBLIC

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC